# Dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh do tháirgí nach bhfuil stádas tionscnaimh fhabhraigh acu

## DEARBHÚ

Dearbhaím, a bhfuil m’ainm thíos sínithe, soláthraí na n-earraí clúdaithe sa doiciméad seo a seoltar go rialta chuig

…………………..(1):

1. Úsáideadh na hábhair seo a leanas nach bhfuil stádas tionscnaimh fhabhraigh acu chun na hearraí seo a tháirgeadh:

| **Cur síos ar na hearraí a soláthraíodh (2)** | **Cur síos ar ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh** | **Teideal faoin gCóras Comhchuibhithe na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh (3)** | **Luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh (4)** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

2. Maidir leis na hábhair uile eile a úsáidtear san Aontas Eorpach chun na hearraí seo a tháirgeadh, is de thionscnamh ……………………………………….(5) iad agus na rialacha tionscnaimh a rialaíonn trádáil fhabhrach le ………………………………………….(6), agus

Dearbhaím an méid seo (7)

☐ Carnadh curtha i bhfeidhm le…………………………… (ainm na tíre / na dtíortha)

☐ Níor cuireadh carnadh i bhfeidhm

Tá an dearbhú seo bailí le haghaidh gach lastais de na táirgí a sheoltar ó……………………… go dtí ………….………………(8).

Geallaim ………………………..... a chur ar an eolas láithreach mura bhfuil an dearbhú seo bailí a thuilleadh.

Glacaim mar chúram orm féin, aon doiciméid tacaíochta eile atá ag teastáil ó na húdaráis Custam a chur ar fáil

…………………………………..(9)

…………………………………(10)

…………………………………(11)

## TABHAIR DO D’AIRE:

(1) Ainm agus seoladh iomlán an chustaiméara.

(2) Maidir leis an sonrasc, nóta seachadta nó doiciméad tráchtála eile lena bhfuil an dearbhú ceangailte, má bhaineann sé le hearraí éagsúla nó le hearraí nach bhfuil an sciar céanna ábhar neamhthionscnaimh corpraithe ann, ní mór don soláthraí idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu. Sampla: Clúdaíonn an doiciméad seo múnlaí éagsúla de mhótair leictreacha faoin gceannteideal 8501 le húsáid i monarú meaisíní níocháin faoin gceannteideal 8450. Tá éagsúlacht idir múnlaí ó thaobh chineál agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i monarú na mótar. Ní mór na múnlaí seo a chur i liosta leo féin i gcolún 1 agus ní mór an t-eolas sna colúin eile a thabhairt i leith gach ceann acu, ionas go bhféadann monaróir na meaisíní níocháin stádas tionscnaimh gach ceann dá tháirgí a mheas i gceart ag brath ar an gcineál mótair a chuimsíonn sé.

(3) Le comhlánú nuair is cuí amháin. Samplaí: Faoin riail i leith éadaí ó ex Caibidil 62, ceadaítear úsáid a bhaint as snáth neamhthionscnaimh. Dá bhrí sin má úsáideann déantúsóir ball éadaigh Francach éadach fite sa Phortaingéil as snáth neamhthionscnaimh, ní gá don soláthraí Portaingéalach ach ‘snáth’ a chur isteach faoi ábhair neamhthionscnaimh i gcolún 2 dá dhearbhú – níl baint ag an gceannteideal faoin gCóras Comhchuibhithe ná ag luach an tsnátha leis. Maidir le gnó a mhonaraíonn sreang faoi cheannteideal 7217 den Chóras Comhchuibhithe as barraí iarainn neamhthionscnaimh, ní mór dó ‘barraí iarainn’ a chur isteach i gcolún 2. Má tá an tsreang le cuimsiú i meaisín ar a gcuireann an riail tionscnaimh teorainn chéatadáin ar luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear, ní mór luach na mbarraí a chur isteach i gcolún 4.

(4) ‘Ciallaíonn ‘luach’, luach custam na n-ábhar ag tráth na hiompórtála, nó mura bhfuil an t-eolas seo ar fáil agus mura bhféadtar teacht air, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhíoraithe a íocadh as na hábhair san Aontas Eorpach. I gcás gach cineál ábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, sonraigh luach cruinn in aghaidh an aonaid i leith na n-earraí a léirítear i gcolún 1.

(5) An tAontas Eorpach, tír, grúpa tíortha nó críocha tionscnaimh de chuid na n-ábhar.

(6) An tír, grúpa tíortha nó críocha atá i gceist.

(7) Le comhlánú, nuair is gá, go heisiach i gcás earraí a bhfuil stádas tionscnaimh fhabhraigh acu i gcomhthéacs caidrimh trádála fhabhraigh le ceann de na tíortha a bhfuil carnadh tionscnaimh infheidhmithe ina leith.

(8) Tabhair na dátaí tosaigh agus deiridh. Níor chóir go rachaidh an tréimhse os cionn 24 mhí. Ní fhéadann dáta tosaigh na tréimhse a bheith níos mó ná 12 mhí roimh nó níos mó ná 6 mí tar éis an dáta eisiúna (an dáta ar a ndéantar an dearbhú).

(9) Láthair agus dáta an eisiúna.

(10) Ainm agus feidhm, ainm agus seoladh na cuideachta.

(11) Síniú.

**Séanadh na gCoimisinéirí Ioncaim:**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

**Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí (RGCS):**

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.